


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta** | Oifig an Leas-Uachtaráin um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar |
| **Scoil \| Aonad** | Taighde & Nuálaíocht UCD |
| **Teideal an Phoist & Réimse Ábhair** | Oifigeach Sinsearach Taighde |
| **Tréimhse an Phoist** | Post sealadach 3 bliana |
| **Grád** | Oifigeach Riaracháin I |
| **Scála Tuarastail** | €53,876 - €72,929 in aghaidh na bliana |
| **Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme** | Bainistíocht agus Riarachán Taighde & Nuálaíochta – Leibhéal Gairme 4 |
| **Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist** | 2021-07-037 |
| **Bainisteoir Líne** | Bainisteoir Clár Taighde Tallann |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais** | 019924 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna** | Natalia McDonagh |
| **Iarratais agus Dáta Deiridh** | https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/ |
| **Incháilithe do Chead Oibre** | Níl |

## Achoimre ar an bPost:

Agus iad ag tuairisciú go díreach don Bhainisteoir Clár Taighde Tallann, beidh an tOifigeach Sinsearach Taighde ag obair leis an bhFhoireann Seirbhísí Taighde Réamh-Dhámhachtana laistigh d'Aonad Taighde agus Nuálaíochta UCD. Is é príomhchuspóir fhoireann na gClár Taighde ná taighdeoirí UCD a éascú agus a thacú i bhforbairt iarratais ar mhaoiniú taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Beidh ról lárnach ag an Oifigeach Sinsearach Taighde i dtaca le tacaíocht ghairmiúil ardleibhéil a chur ar fáil, atá dírithe go sonrach ar thacaíocht réamhdhámhachtana a neartú do thionscnaimh Chomhairle Taighde na hEorpa (ERC) de chuid UCD. I gcomhar leis an aonad Taighde níos leithne i UCD agus leis an mBainisteoir Cláir Taighde Tallann, cuirfidh sealbhóir an phoist creat de bhearta tacaíochta i bhfeidhm atá deartha chun tograí ERC atá thar a bheith iomaíoch a chothú.

Baineann an ról le comhoibriú go dlúth le Coláistí, Scoileanna, agus taighdeoirí aonair i bhforbairt iarrthóirí iomaíocha agus tograí a threorú trí gach céim; n gcéad smaoineamh go dtí an t-aighneacht agus ullmhúchán agallaimh. beidh an tOifigeach Tionscadal Taighde freagrach as creatlacha tacaíochta a chruthú agus a chur i bhfeidhm do chláir mhaoinithe straitéiseacha ardleibhéil spriocdhírithe atá ailínithe le ERC( mar sh. Comhaltachtaí Taighde Ollscoile Fhondúireacht Eolaíochta Éireann-An Chumainn Ríoga (*SFI-Royal Society*) & tionscnaimh earcaíochta tallann eile) agus cinnteoidh siaf píblíne iomaíoch d'aighneachtaí ERC ar bhonn bliantúil.

Chun bonneagar tacaíochta UCD d'aighneachtaí ERC a neartú tuilleadh, feidhmeoidh an tOifigeach Sinsearach Taighde mar phríomh-idirchaidreamh lárnach do bhaill foirne tacaíochta taighde áitiúla. Sa ról seo, díreoidh siad ar thionscnaimh oiliúna saincheaptha a dhearadh agus a chur i bhfeidhm atá dírithe ar fhorbairt ghairmiúil do bhaill foirne tacaíochta áitiúla.